Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Gníomhaíochtaí ranga

Classroom activities

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 6: Teangacha
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Bhur dtuairim?

Beidh Aoife Ní Chonchúir, cainteoir dúchais as Ciarraí, ag labhairt faoin chaoi ar chuir sí eolas ar na canúintí eile sa Ghaeilge.

(a) Sula n-éisteann sibh léi, déan féin agus an duine in aice leat liosta de na rudaí a mheasann sibh a ndéanfaidh Aoife tagairt dóibh agus í ag caint faoi na difríochtaí idir na canúintí.

(b) Anois, éistigí le hAoife. An ndearna sí tagairt d'aon cheann de na rudaí a bhí ar an liosta agaibh féin?

Tuiscint

(i) Déan na ceisteanna thíos a phlé leis an duine in aice leat.

- Cén nós atá ag muintir na Gaeltachta maidir leis an raidió?
- Cén chaoi ar tharla sé gur chuir sí eolas ar chanúint Uladh?

(ii) Cé acu ráiteas thíos is fearr a chuireann síos ar dhearcadh Aoife maidir le canúintí? An mbeifeá féin ar aon intinn léi?

- Bíonn sé an-deacair ag cainteoirí ó na ceantair éagsúla a chéile a thuiscint.
- Is beag fadhbanna a bhíonn ag cainteoirí ó na ceantair éagsúla a chéile a thuiscint.
- Ní bhíonn aon deacrachtaí cumarsáide idir cainteoirí ó na ceantair éagsúla.

An teanga

(i) Tá go leor samplaí den tuiseal ginideach san agallamh le hAoife. Scríobh an tuiseal ginideach i ngach cás thíos. Ansin, déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat. Éistigí le hAoife arís mura bhfuil sibh cinnte go bhfuil an ceart agaibh.

Raidió + an Ghaeltacht: _____

muintir + an Ghaeltacht: _____

ag déanamh + staidéar: _____

formhór + na daoine: _____

canúint + Conamara: _____

puinn + teagmháil: _____

rithim + an teanga: _____

i ndeireadh + an lá: _____

canúint + an Mumhain: _____

i gceann + tamall: _____

(ii) An dtuigeann tú cén fáth a bhfuil an tuiseal ginideach in úsáid ***i ngach sampla thuas***? Cuir na samplaí go léir isteach sa rannóg cheart thíos agus ansin déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat.

Baintear úsáid as an tuiseal ginideach:	***Samplaí:***
(1) Nuair a thagann 2 ainmfhocal le chéile:	
(2) Tar éis réamhfhocail chomhshuite:	
(3) Tar éis focail a chuireann cainníocht (*quantity*) in iúl:	
(4) Tar éis an ainm bhriathartha:	

(iii) An dóigh libh go mbaintear úsáid as an tuiseal ginideach in aon chás eile? An féidir libh samplaí a sholáthar?

_____

_____

Plé

Déan féin agus an bheirt in aice leat na ceisteanna thíos a phlé.

(a) Cad iad na teangacha atá ar eolas agat?

(b) Déan cur síos ar na deacrachtaí a bhíonn agat maidir le foghlaim na Gaeilge. Féach ar an liosta thíos agus roghnaigh na rudaí is mó a mbíonn deacrachtaí agat leo.

- foghraíocht
- gramadach
- litriú
- canúintí
- focail nua a fhoghlaim
- deiseanna a fháil leis an teanga a chleachtadh

(c) Cén chanúint is mó a mbaineann tú úsáid aisti? Cén fáth ar roghnaigh tú an chanúint sin?

(d) An mbíonn aon deacrachtaí agat leis an canúintí eile?

Aonad 7: Daoine
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Tuiscint

San agallamh seo cuimhníonn Cian Marnell siar ar mhúinteoirí a bhí aige. Breathnaigh ar an agallamh agus ansin déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna thíos a phlé.

(1) Cén chúis a bhí ag Cian le liosta a dhéanamh de na múinteoirí a bhí aige?

(2) "Bhí Cian an-tógtha le gach duine de na múinteoirí a bhí aige". An bhfuil an ráiteas sin fíor nó bréagach? Cén fáth?

(3) Luaigh sé múinteoir amháin agus dúirt sé gur "an-oideachasóir" a bhí ann. Cén chaoi a léiríonn sé é seo?

(4) An raibh aon locht ar an mhúinteoir seo, dar le Cian?

Focal ar fhocal

Déan féin agus an duine in aice leat leaganacha Gaeilge na bhfocal agus na bhfrásaí seo thíos a sholáthar. Is féidir libh éisteacht leis an agallamh arís le bhur gcuid iarrachtaí a sheiceáil, más gá.

(a) *in the particular book I was reading*: sa leabhar _____agam

(b) *quite a long list*: liosta _____

(c) *they influenced me*: chuaigh siad _____ orm

(d) *at one stage in my life*: ag _____

(e) *in literature in general*: sa _____

(f) *the right personality*: an _____

Nathanna úsáideacha (tréithe)

Féach ar na focail / frásaí thíos. Déan brí na bhfocal agus na bhfrásaí a phlé leis an duine in aice leat. Ansin, cuir gach ceann sa rannóg cheart sa ghreille thíos. Cuimhnigh go bhféadfadh roinnt focal a bheith dearfach nó diúltach, ag brath ar an chomhthéacs.

Tréithe dearfacha	*Dearfach nó diúltach*	*Tréithe diúltacha*

leisciúil	oighneach	béalscaoilte	fial
díograiseach	fiosrach	cúngaigeanta	an-dáiríre
ceanndána	smaointeach	féinmhuiníneach	ardnósach
réchúiseach	saonta	gealgháireach	bródúil

Strus san obair

Roinnt blianta ó shin chuir *The Wall Street Journal* liosta le chéile de na 10 bpost is mó a bhfuil strus ag baint leo. Cuir féin agus an duine in aice leat a leithéid chéanna de liosta le chéile. Nuair a bheidh sibh críochnaithe, déanfaidh an múinteoir an liosta a bhí sa nuachtán a phlé libh.

1. _____ 6. _____

2. _____ 7. _____

3. _____ 8. _____

4. _____ 9. _____

5. _____ 10. _____

Plé

Déan na ceisteanna seo a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) An bhfuil aithne agat ar aon duine atá cosúil leis an mhúinteoir a labhraíonn Cian faoi?

(b) Cad iad na tréithe atá riachtanach le bheith i do mhúinteoir maith, dar libhse?

(c) Déan cur síos ar an mhúinteoir is mó a chuaigh i bhfeidhm ortsa.

(d) Cén chaoi a ndéanfá cur síos ar do phearsantacht féin? Ar mhaith leat go mbeifeá difriúil ar aon bhealach?

(e) Cad iad na tréithe atá tábhachtach duitse i gcara?

Aonad 8: Taisteal agus cultúir eile
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta

Ar ball beidh tú ag éisteacht le Muiris Ó Laoire ag déanamh cur síos ar *faux pas* a rinne sé agus é thar lear. Déan an cheist thíos a phlé leis an duine in aice leat.

An ndearna tú féin *faux pas* cultúrtha riamh nó ar chuala tú aon scéal faoina leithéid?

Tuiscint

Éist leis an agallamh le Muiris anois agus déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo thíos a phlé.

(a) An raibh aon eolas ag Muiris ar chultúr na nGiúdach sula ndeachaigh sé chuig an dinnéar?

(b) Cén t-eolas a thugtar faoi na cuairteoirí eile a bhí i láthair ag an dinnéar?

(c) Cén fáth ar chuir sé ceist faoin aimsir?

(d) Cén dara *faux pas* a rinne sé?

Focal ar fhocal

Déanaigí liosta de na focail / frásaí nua a d'fhoghlaim sibh le linn an agallaimh. Bainigí úsáid as an fhoclóir mura bhfuil sibh cinnte faoin litriú. Cad iad na comhthéacsanna eile ina bhféadfaí iad a úsáid?

_____

_____

_____

Feasacht teanga

Déanaigí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna.

(i) Is minic a bhaintear úsáid as nathanna ar nós *your man* nó *what-d'ye call it* nuair a bhíonn dearmad déanta agat d'ainm duine nó nuair nach mbíonn tú ag iarraidh ainm faoi leith a lua. Éistigí leis an agallamh arís. Cén nath den chineál seo a mbaineann Muiris úsáid as le linn an agallaimh? Deir sé "Chuireas ceist ar…".

(ii) Tá na míreanna seo thíos le cloisteáil le linn agallamh Mhuiris. An bhfuil a fhios agaibh cén chuid den ghramadach atá i gceist?

léite	briste
náirithe	déanta

(iii) An féidir libh na briathra seo a leanas a athscríobh ar nós na samplaí thuas?

díol: ____díolta_____

druid: _____

scríobh: _____

foghlaim: _____

tabhair: _____

clois: _____

ith: _____

abair: _____

Caint agus caibidil

I ngrúpaí de thriúr déanaigí na rudaí seo thíos a phlé. Ba cheart do dhuine amháin ceann de na boscaí a roghnú agus iarraidh ar dhuine eile sa ghrúpa labhairt faoin ábhar ar feadh 30 soicind. Nuair a bheidh an duine sin críochnaithe ag caint, cuirtear tic sa bhosca sin agus roghnaíonn an duine a bhí ag caint bosca don tríú duine sa ghrúpa. Leanann sibh oraibh mar sin go dtí go mbíonn na hábhair ar fad pléite.

1. …an tsaoire is measa a bhí agat riamh.	2. …rud a bhíonn leat i gcónaí agus tú ag taisteal.	3. …na tréithe ba mhaith leat a bheith ag duine a bheadh ag dul leat ar laethanta saoire.
4. …áit ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi nuair a bheidh an t-am / an t-airgead agat.	5. …an trá is deise a chonaic tú riamh.	6. …an pointe is faide ó thuaidh sa domhan a raibh tú ann go dtí seo.
7. …an duine is spéisiúla ar chas tú leis / léi agus tú ag taisteal.	8. …eachtra ghreannmhar a tharla duit agus tú ar saoire.	9. …do thuairim faoi shaoire láneagraithe (*package holidays*).
10. …do thuairim faoi laethanta saoire atá maith don chomhshaol.	11. …an áit i do thír féin is mó a dtugann turasóirí cuairt uirthi.	12. …na cineálacha rudaí is maith leat a cheannach agus tú ar saoire.

Plé

Cén cineál saoire a thaitníonn leatsa? Féach ar an liosta thíos agus cuir in ord iad ag tosú leis an chineál saoire is fearr leat ag uimhir 1. Déan do chuid roghanna a phlé leis an bheirt in aice leat. An raibh sibh ar aon intinn?

ag campáil	
taisteal timpeall i gcarbhán	
sa bhaile ag déanamh faic!	
ag sciáil	
cúrsa cultúrtha nó staidéir a dhéanamh	
fanacht in óstán galánta	
saoire ar bord loinge (*cruise*)	
eile: _____	

Aonad 9: Cúrsaí spóirt
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Gníomhaíocht réamhéisteachta.

Ar ball beidh tú ag éisteacht le Dara Ó Cinnéide, a chaith blianta fada ag imirt peile dá chontae dúchais, Ciarraí. Cuirtear ceist air ar cheart íocaíochtaí a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag imirt do Chumann Lúthchleas Gael.

(i) Ag obair leis an duine in aice leat, déan plé ar an tuairim a cheapann sibhse a bheidh ag Dara i leith na ceiste seo.

(ii) Déanaigí liosta d'fhrásaí nó d'fhocail a cheapann sibhse a bheidh le cloisteáil in agallamh faoin ábhar seo.

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Tuiscint agus plé

Anois, éist leis an agallamh le Dara, agus ansin déan féin agus an duine in aice leat na ceisteanna seo a phlé sula ndéanann an múinteoir iad a phlé leis an rang go léir.

(a) An raibh an ceart agaibh faoi dhearcadh Dhara maidir le híocaíochtaí d'imreoirí? An bhfuil sibh ar aon intinn leis?

(b) Cad iad na hargóintí a bhí aige? An aontaíonn sibh leis na hargóintí sin?

(c) Cad iad na nósanna atá ann maidir le híocaíochtaí d'imreoirí spóirt i do thír féin nó i dtíortha eile?

Nathanna úsáideacha

Le linn an agallaimh labhraíonn Dara faoi na buntáistí a bhaineann imreoirí as bheith ag imirt peile. Baineann sé úsáid as na nathanna seo a leanas:

Baineann siad súp as
Baineann siad sásamh as
Baineann siad tairbhe as

Déan féin agus an duine in aice leat iarracht cur leis an liosta nathanna sin.

_____

_____

Feasacht teanga

(i) Déan na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge sula ndéanann tú iad a phlé leis an duine in aice leat.

(a) *The big-name players are known throughout Ireland.*

_____

(b) *I know this area quite well.*

_____

(c) *I know that she plays tennis.*

_____

(ii) Éist le hagallamh Dhara arís. Baineann sé úsáid as leagan Gaeilge den chéad abairt thuas. An bhfuil sé mar an gcéanna leis an aistriúchán a bhí agaibhse?

(iii) Anois, déanfaidh an múinteoir na habairtí ar fad a phlé leis an rang.

Cur agus cúiteamh

Déan na ceisteanna thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.

(a) "Tá níos mó béime ar airgead agus margaíocht i gcúrsaí spóirt ná mar atá ar an spórt é féin". An aontófá leis an tuairim sin?

(b) An bhfuil aon suim agat féin i gcúrsaí spóirt? An raibh tú riamh páirteach in aon chomórtas spóirt?

(c) An dtugann tú tacaíocht d'aon fhoireann spóirt?

(d) Cén phearsa spóirt is mó a chuaigh i bhfeidhm ort féin? Cén fáth?

(e) Cén spórt is leadránaí, dar leatsa?

Aonad 10: Tuairimí 1
Gníomhaíochtaí don seomra ranga

Focal ar fhocal

An féidir leatsa smaoineamh ar fhocail nó ar fhrásaí atá ar comhchiall leis na cinn sa chló iodálach thíos? Déan féin agus an duine in aice leat bhur gcuid iarrachtaí a phlé. Anois, breathnaigí ar an mhír leis na leaganacha a d'úsáid Helen Ó Murchú san agallamh a chloisteáil.

(a) *róthógtha* mar gheall air: _____

(b) cóta fionnaidh *saorga*: _____

(c) de réir *cosúlachta*: _____

(d) *damáiste*: _____

(e) *go deo*: _____

(f) *dífhostaithe*: _____

(g) *scaití*: _____

(h) bíonn *amhras* ann: _____

Tuiscint

Déan na ceisteanna seo thíos a phlé leis an bheirt in aice leat.
(i) Cé acu ceann de na ráitis thíos is fearr a dhéanann cur síos ar dhearcadh Helen maidir le cótaí fionnaidh, dar libh? Cén fáth?

- Níl sí róchinnte an ndéanann siad aon dochar don timpeallacht.
- Is dóigh léi go bhfuil cótaí fionnaidh saorga díreach chomh dona.
- Ba chóir deireadh a chur le cótaí fionnaidh agus cótaí fionnaidh saorga.

(ii) Deir Helen go bhfuil sí idir dhá chomhairle faoi úsáid cosmaidí. Déan cur síos i d'fhocail féin ar an dá thaobh den scéal faoi mar a fheiceann Helen é.

An teanga

Beidh tú ag obair leis an duine in aice leat don ghníomhaíocht seo. Déanaigí plé ar na ceisteanna thíos.
(i) Cén fáth, meas sibh, a bhfuil fada ar an "a" sa dá abairt thíos? Mura bhfuil sibh cinnte, déanfaidh an múinteoir é a phlé libh.

> "Ceist, b'fhéidir, go mbeifeá **á** cur orm."
> "Nuair a bhíonn na cótaí fionnaidh **á** ndéanamh…"

(ii) Anois, bainigí beirt triail as an ghníomhaíocht seo thíos.

(a) Bhí an aiste (a: ceartaigh) aige nuair a chuir mé glaoch air.

(b) Bíonn go leor botún (a: déan) agam sa scríbhneoireacht fós.

(c) “Cá bhfuil na páistí?” “Tá Séan (a: tabhair) chuig an phictiúrlann.”

(d) Bhí amhrán (a: can) aici nuair a tháinig mé isteach.

(e) Tá go leor airgid (a: saothraigh) aige ó fuair sé an post nua.

(f) Tá an amharclann (a: péinteáil) faoi láthair.

Cur agus cúiteamh

Déan féin agus an bheirt in aice leat bhur dtuairimí maidir leis na hábhair seo a leanas a phlé.

(a) Cén dearcadh atá agaibh maidir le cótaí fionnaidh agus cótaí fionnaidh saorga?

(b) "Tá beatha daoine i gcónaí níos tábhachtaí nó beatha ainmhithe eile." An aontaíonn sibh leis an dearcadh sin?

Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo

Take Your Language Skills Beyond Basics

Freagraí na ngníomhaíochtaí

Key for teachers

Siuán Ní Mhaonaigh

Antain Mac Lochlainn

Aonad 6: Teangacha

An teanga

(i) An tuiseal ginideach.

Raidió + an Ghaeltacht: (Raidió na Gaeltachta)

muintir + an Ghaeltacht: (muintir na Gaeltachta)

ag déanamh + staidéar: (ag déanamh staidéir)

formhór + na daoine:(formhór na ndaoine)

canúint + Conamara: (canúint Chonamara)

puinn + teagmháil: (puinn teagmhála)

rithim + an teanga: (rithim na teanga)

i ndeireadh + an lá: (i ndeireadh an lae)

canúint + an Mumhain: (canúint na Mumhan)

i gceann + tamall: (i gceann tamaill)

(ii) Tá na samplaí sa rannóg cheart thíos.

Baintear úsáid as an tuiseal ginideach:	***Samplaí:***
(1) Nuair a thagann 2 ainmfhocal le chéile:	Raidió na Gaeltachta muintir na Gaeltachta canúint Conamara rithim na teanga canúint na Mumhan
(2) Tar éis réamhfhocail chomhshuite:	i ndeireadh an lae i gceann tamaill
(3) Tar éis focail a chuireann cainníocht (*quantity*) in iúl:	puinn teagmhála
(4) Tar éis an ainm bhriathartha:	ag déanamh staidéir

(iii) Baintear úsáid as an tuiseal ginideach tar éis cuid de na réamhfhocail shimplí. Mar shampla: (chun na pictiúrlainne, cois na trá, timpeall na háite agus trasna na cathrach).

Aonad 7: Daoine

Focal ar fhocal

(a) *in the particular book I was reading*: (sa leabhar áirithe a bhí á léamh agam)
(b) *quite a long list*: (liosta cuíosach fada)
(c) *they influenced me*: (chuaigh siad i gcion orm)
(d) *at one stage in my life*: (ag tráth amháin de mo shaol)
(e) *in literature in general*: (sa litríocht i gcoitinne)
(f) *the right personality*: (an phearsantacht chuí)

Nathanna úsáideacha (tréithe)

B'fhéidir nach mbeadh na foghlaimeoirí ar aon intinn faoi cé acu atá cuid de na tréithe dearfach nó diúltach. Is féidir plé a chur ar bun faoi na cinn nach bhfuil siad ar aon intinn fúthu.

Tréithe dearfacha	*Dearfach nó Diúltach*	*Tréithe diúltacha*
fial	fiosrach	béalscaoilte
foighneach	an-dáiríre	leisciúil
díograiseach	ceanndána	cúngaigeanta
smaointeach	réchúiseach	ardnósach
féinmhuiníneach	saonta	
gealgháireach	bródúil	

Strus san obair

Seo na poist a bhí i liosta *The Wall Street Journal*:
1. Uachtarán / príomhaire tíre
2. fear / bean m(h)úchta tine
3. fear / bean g(h)nó s(h)insearach
4. tiománaí carr rásaíochta
5. tiománaí tacsaí
6. máinlia
7. spásaire
8. fear / bean rialaithe aerthráchta
9. píolóta eitleáin
10. iriseoir

Déan iarracht díospóireacht a chur ar bun sa rang. Cuir ceisteanna mar seo a leanas orthu:
An aontaíonn siad le liosta *The Wall Street Journal*? Cén fáth?
An mbeadh an liosta iontach difriúil san áit a bhfuil siad féin ina gcónaí?
Ar tháinig athrú ar na poist is mó a bhfuil strus ag baint leo le deich mbliana anuas, ó ullmhaíodh liosta *The Wall Street Journal*, dar leo?

Aonad 8: Taisteal agus cultúir eile

Feasacht teanga
(i) Baineann Muiris Ó Laoire úsáid as an nath "mo dhuine" Deir sé "Chuireas ceist ar mo dhuine…".

(ii) Is í an **aidiacht bhriathartha** atá i gceist le "léite", "briste" agus araile.

(iii) Seo freagraí na gníomhaíochta seo:

druid: (druidte)
scríobh: (scríofa)
foghlaim: (foghlamtha)
tabhair: (tugtha)
clois: (cloiste)
ith: (ite)
abair: (ráite)

Aonad 9: Cúrsaí spóirt

Nathanna úsáideacha
Baineann siad taitneamh / sult / pléisiúr / sochar / buntáiste… as.

Feasacht teanga
(i) Seo thíos leaganacha Gaeilge de na habairtí:
(a) *The big-name players are known throughout Ireland.* (Tá aithne ar fud na hÉireann ar na himreoirí móra.)
(b) *I know this area quite well.* (Tá eolas maith agam ar an cheantar seo.)
(c) *I know that she plays tennis.* (Tá a fhios agam go n-imríonn sí leadóg.)

(iii) Baintear úsáid as "aithne" de ghnáth nuair a bhítear ag caint faoi dhaoine. "Tá aithne agam ar a deirfiúr". Baintear úsáid as "fios" agus "eolas" nuair a bhítear ag caint faoi fhíricí. nó faoi áiteanna "Tá a fhios agam go bhfuil Corcaigh suite cois Laoi" agus '"Tá eolas maith agam ar an ghramadach".

Aonad 10: Tuairimí 1

Focal ar fhocal

(a) róthógtha mar gheall air: (**ró-oibrithe** mar gheall air)

(b) cóta fionnaidh saorga: (cóta fionnaidh **tacair**)

(c) de réir cosúlachta (de réir **dealraimh**)

(d) damáiste: (**dochar / díobháil**)

(e) go deo: (**go brách**)

(f) dífhostaithe: (**as obair**)

(g) scaití: (**uaireanta**)

(h) bíonn amhras ann: (**bíonn comhartha ceiste ann…**)

An teanga

(i) Bíonn séimhiú ann nuair is focal firinscneach atá i gceist agus ní bhíonn séimhiú ann nuair is focal baininscneach atá i gceist. Bíonn urú ann nuair is focal san iolra atá i gceist.

(ii) Seo thíos na leaganacha cearta:

(a) Bhí an aiste **á ceartú** aige nuair a chuir mé glaoch air.

(b) Bíonn go leor botún **á ndéanamh** agam sa scríbhneoireacht fós.

(c) "Cá bhfuil na páistí?" "Tá Séan **á dtabhairt** chuig an phictiúrlann."

(d) Bhí amhrán **á chanadh** aici nuair a tháinig mé isteach.

(e) Tá go leor airgid **á shaothrú** aige ó fuair sé an post nua.

(f) Tá an amharclann **á péinteáil** faoi láthair.